
# Bileog Oibre – Smaointe, mothúcháin agus iompar

Dírigh ar an staid agus ar iompar gach carachtair sula bhfreagraíonn tú ceisteanna faoina smaointe agus mothúcháin.

**Scéal Choilm**
Níl aon airgead ag Colm dá fhón agus níl a thuismitheoirí sásta airgead a thabhairt dó go dtí an deireadh seachtaine.

**Smaointe Choilm**

**Mothúcháin Choilm**




**Iompar Choilm**
Dhiúltaigh Col teacht síos an staighre dá dhinnéar agus thosaigh sé ag screadaíl nuair a labhair a thuismitheoirí leis, dhún sé an doras de phlab agus dúirt sé nach raibh sé chun a obair bhaile a dhéanamh go dtí go raibh airgead faighte aige dá fhón.

**Scéal Sheáin**
Chroith Seán lámh leis an gcóitseálaí, ach lean an cóitseálaí ar aghaidh gan aird a thabhairt air. Bhí foireann le roghnú an tráthnóna sin i ndiaidh an tseisiúin traenála.

**Smaointe Sheáin**

**Mothúcháin Sheáin**



**Iompar Sheáin**
Chinn Seán gan dul ag traenáil an tráthnóna sin agus níor labhair sé le haon duine don chuid eile den tráthnóna.

**Scéal Shíle**
D'inis Síle scéal a shíl sí a bhí greannmhar, ach níor thosaigh aon duine ag gáire.

**Smaointe Shíle**

**Mothúcháin Shíle**



**Iompar Shíle**
Bhí cantal ar Shíle agus is freagraí gearra a thug sí ar gach ceist don chuid eile den lá.

**Scéal Laoise**
Ghlac Laoise páirt i gcomórtas ealaíne, agus chuala sí gur thaitin a saothar leis na moltóirí.

**Smaointe Laoise**

**Mothúcháin Laoise**



**Iompar Laoise**
Níorbh fhéidir le Laoise an meangadh gáire a bhaint dá haghaidh agus díriú ar a hobair ranga.

| |
|---|
| **Scéal Mháirtín**<br>D'inis Máirtín scéal greannmhar agus thosaigh gach duine ag gáire. |
| **Smaointe Mháirtín** |
| **Mothúcháin Mháirtín** |
| **Iompar Mháirtín**<br>Bhí Máirtín ag gáire freisin. |

